Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**10649/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0099(COD)**

**CODEC 1205**
**ENV 753**
**MI 652**
**RELEX 856**
**AELE 48**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1157 a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar dhramhaíl mheasctha chathrach atá beartaithe lena haisghabháil a onnmhairiú **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>– Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. An 29 Aibreán 2026, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 17 Meitheamh 2026[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

4. An 18 Meitheamh 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[3]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air chun an togra ón gCoimisiún a ghabháil chuici féin agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] 8729/26.
[2] Níor foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil í.
[3] 10565/26.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas, mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa mar a leagtar amach in PE-CONS 35/26 é, a fhormheas;
- maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.